# Siúlóid Deise
# Ag Breathnú ar Ár bPobal Áitiúil

Fiafraíonn an tUas. Seoighe an bhfuil eolas ag na scoláirí ar aon chomhlacht áitiúil a dhún síos ar na mallaibh nó ar aon ghnólacht a thosaigh sa cheantar le deireanas. Míníonn sé go gclúdaíonn gnólachtaí iad siúd a bhfuil sé d'aidhm acu brabach a dhéanamh agus iad siúd ar comhlachtaí neamhbhrabúis iad. Míníonn sé freisin an intinn foghlama don eispéireas foghlama seo agus comhroinneann leo na critéir ratha.

Iarrann an tUas. Seoighe ar scoláirí leathanach a ullmhú ina gcóipleabhair. Ullmhaíonn siad an leathanach agus na ceannteidil seo a leanas air:

Gnólachtaí a dúnadh ar na mallaibh
Gnólachtaí nua
Seirbhísí a bhíonn ar fáil sa cheantar
Seirbhísí nach bhfuil aon teacht orthu sa cheantar

Téann na scoláirí ansin ar 'Shiúlóid Deise' ina siúlann siad trí cheantar áirithe sa bhaile/sráidbhaile a shanntar dóibh agus nótálann siad aon rud a bhreathnaíonn siad faoi na ceannteidil ina gcóipleabhair. Tugann siad an t-eolas ar ais chuig an seomra ranga agus oibríonn i ngrúpaí de cheathrar a chur le chéile a gcuid torthaí. Cuireann scoláirí ó gach grúpa a gcuid torthaí i láthair an ranga faoi na ceannteidil éagsúla. Cabhraíonn an tUas. Seoighe leis na scoláirí brí a bhaint as na torthaí trí cheisteanna a úsáid, agus is amhlaidh a dhírítear isteach ar na deiseanna a bheadh ann le haghaidh comhlachtaí nua sa cheantar.

Trí úsáid a bhaint as an eolas a chuirtear i láthair in alt trí thuas, oibríonn na scoláirí anois ina n-aonar chun deis amháin a aimsiú agus chun a mhíniú cén fáth a bhféadfadh sí sin a bheith ina deis ghnó ag fiontraí.

Breathnaíonn an tUas. Seoighe na scoláirí agus iad ag obair agus tugann sé aiseolas dóibh chun tacú leo de réir mar a bhíonn sé sin ag teastáil. Léiríonn scoláirí an deis a d'aimsigh siad ar leathanach A4 a phostáiltear ansin ar an mballa.

*(Arna oiriúnú ó Churaclam Fiontraíochta NFTE)*

